Logainmneachaí I gCois Fhairrge
Author(s): Tomás de Bhaldraithe
Source: *The Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland*, Seventh Series, Vol. 13, No. 2 (Jun. 30, 1943), pp. 60-66
Published by: Royal Society of Antiquaries of Ireland
Stable URL: http://www.jstor.org/stable/25510384
Accessed: 02-11-2017 13:04 UTC

JSTOR is a not-for-profit service that helps scholars, researchers, and students discover, use, and build upon a wide range of content in a trusted digital archive. We use information technology and tools to increase productivity and facilitate new forms of scholarship. For more information about JSTOR, please contact support@jstor.org.

Your use of the JSTOR archive indicates your acceptance of the Terms & Conditions of Use, available at http://about.jstor.org/terms

Royal Society of Antiquaries of Ireland is collaborating with JSTOR to digitize, preserve and extend access to *The Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland*

This content downloaded from 136.206.79.146 on Thu, 02 Nov 2017 13:04:18 UTC
All use subject to http://about.jstor.org/terms

LOGAINMNEACHAÍ I gCOIS FHAIRRGE.

Tomás de Bhaldraithe do sgríobh.

LE linn dhom bheith ag iarraidh a bhféadfainn do chanamhaint Chois Fhairrge, i gCo. na Gaillimhe, a thógáil, a d'eirigh na hainmneachaí seo thíos liom. Mar mhalraid oibre do na daoine a bhíodh ag cuidiú liom i dtaoibh na Gaedhilge, seadh tharraing mé anuas na hainmneachaí chúcha, cupla uair. Deirim an méid sin i gcaoi's go dtuigfear nach aon bhailiú ealadhanta ar ainmneachaí áite a rinne mé, ná iarracht féin ar a leitheid. Ach murab eadh féin, tasbáinfidh a bhfuil annseo agam a shaidhbhre is atá an ceanntar seo i dtaoibh ainmeachaí áite—ní doigh go bhfuil a mhalraid le rádh faoi aon áit eile sa nGaedhealtacht. Tasbáinfidh sé freisin céard is fiú na h-ainmneachaí a bhailiú.

Tá ainm chuile gharrdha beagnach, atá sa Teach Mór, annseo thíos. I mBaile Fearainn Chor na Rón atá Baile an Tighe Móir, do réir mapa lucht an Ordanáis, cé go ndéarfadh muintir na háite go bhfuil dhá bhaile ann, Cor na Rón, agus an Teach Mór*, atá tórainn ar thórainn le chéile. Tímpeall trí chéad agus sgór acraí, go garbh, atá i mBaile an Tighe Móir, gan an sliabh a chomhaireamh. Beagnach ocht sgór ainm ar gharranntaí an bhaile sin atá annseo. Chomh maith leis sin, níl aon bhóithrín ná sruthán, gleann ná crocán, droichead ná tobar dhá bhfuil ar an mbaile nach bhfuil a ainm féin air. Bheadh ainm le fáil ar chorr chloch is ar chorr chlaidhe freisin, an té ghabhfadh dhá lorg. Ba é an truagh é nach dtéighfí i mbun na hoibre seo agus daoine oilte a chur ag cruinniú na n-ainmneachaí seo. Is gearr go mbeidh siad á leigean i léig, ar nós chuile shórt eile dhá mbaineann leis an sean reacht. Mara sgríobhtar anois iad ní bheidh ach an fuighleach le fáil amach annseo, agus fuighleach truaillighthe do-thuighthe a bheas ann, mar go mbeidh an dream a thuigeas ughdar na nainmneachaí ar shlighe na fírinne.

Maidir le garranntaí atá sa Lochán Beag, agus ar an mBaile Nua, Cor na Rón, níl annseo ach ainm fánach i bfad ó chéile. Is iomdha bearna atá ar liosta na gcarraigreachaí, is na gcaltaí freisin.

---

* Sé an áit a bhfuil Baile an Tighe Moír faoi láthair, go díreach taobh thoir do'n torainn idir Cor na Rón agus Lochán Beag, ar chaon taobh do'n bhóthar mór. Níl aon cheann do thighthe an bhaile ar an mapa seo.

Tá mé fíor-bhuidheach do Sheán Ó Súilleabháin as an mapa a sholathar dhom.

This content downloaded from 136.206.79.146 on Thu, 02 Nov 2017 13:04:18 UTC
All use subject to http://about.jstor.org/terms

Tá mé fíor-bhuidheach do Mhuintir Diolún, do Pháraic O Cualáin (Seáinín), Teach Mór, do Pháraic O Flathartaigh, Cor na Rón, agus do Pháraic O Cualáin (Seóige), Lochán Beag, as ucht an chuid is mó do na hainmneachaí seo a innseacht dhom.

Sé Maidhc an Fhathartaigh, a chomhnuigheas ar bhruach Loch Chlochar na gCon, a d'innis ainmneachaí na lochannaí is na srutháin dhom. Is cuid suntais é nach réidhtigheann na hainmneacha a



AR N-A BHUNÚ AR AN SUIRBHÉARACHT ORDONAIS (1839), LE CEAD AIRE AIRGEADAIS ÉIREANN.

bhí aige leo sin atá ar mhapa lucht an Ordanáis, agus ní ar an bhFlathartach a bhí an dul amugha, mar is fear é a bhfuil duthaigh seo na lochannaí siubhalta go mion is go minic aige.

Sí an Ghaedhilge teanga na mbailte seo atá i gceist agam, agus ar ndóigh i nGaedhilge a chuala mé na hainmneachaí ar fad.

[Nuid :—Gtaí. .i. garrdhanntaí. G. .i. garrdha.]

Gtaí. i mBaile an Tighe Móir :—

Leic Chóil. Gtaí. Ghing. Iothlainneachaí Ghing. Gtaí. na

This content downloaded from 136.206.79.146 on Thu, 02 Nov 2017 13:04:18 UTC
All use subject to http://about.jstor.org/terms

hÁtha. G. Bheartla Mhóir. Gtaí. na bhFlathartach. Gtaí. Sheáin Ruaidhe. Na Leacrachaí Árda. Gtaí. na gCloch. G. a' Choirnéil. G. a' Ghiolcaigh. G. a' Cheannuidhe. Gtaí. an Fhatharta. G. Beag na hÁtha. Gtaí. Sléibhe. Bárr-Ghtái. Beag'. G. Chloch na Sgíthe. Gtaí. Pháraic Ceannainn. Gtaí. Sheáin Phóil. Na Muingeannaí (in dhá áit). An Chorrach. An G. Buidhe. Gtaí. a' t-Sruthéin. Gtaí. Chladaí. (Leasainm é " Cladaí " ar dhuine áirid). Gtaí. na Cruithneacht. G. an Tobair. An G. Bán. G. na Puithí (?). G. Sheáin Bháin. G. an Chrocáinín Áird. Iothlainn na Meangals. Iothlainn na bPlanndaí. Gtaí. a' Tighe. Gtaí. na Meirics, (cineál fataí a bhíodh fado ann íad na Meirics.) Gtaí. na gCruacha Móna. An Gleann. Gtaí. an tSeagail. Na Clocha Sgoiltighthe. Na Gtaí. Móra. G. an Sgiobóil. G. Beag Ruaidí. Bárr-Gharbh Beag. Bárr-Gharbh Mór. G. Taim Chlansa. Na Tornógaí. Léana Chlóird. (?) Léana Chlóird Bheairtlín. G. na bPlanndaí. Gtaí. na gCloch. Gtaí. na Sgeach. Na Gtaí. Garbha. G. an tSagairt. G. an tSeamhair. G. Shéamuis Uí Chadhain. Na Buataiseachaí (Máirnéalach strainséara a chuir buatais óir i gceann acu, nár friothadh ariamh ó shoin.). An Tismeadhoin. Na Tismeadhonachaí. (in dhá áit.). An Chreigín Árd. Roinn an Chladaigh. G. na Stileach. An Móinfhéar. An Bóthar Beag. G. an Bhóthair Nua. G. an tSean-Bhóithrín. Páirc an Uisge. An G. Ruadh. G. Pheaidí (Cuireadh Peaidí Sheáin Thaidhg ann aimsir an droch shaoghail.). Na Gtaí. Boga. Crocán an Teállta. Gtaí. Thomáis Bháin. Na Creigeannaí. G. Shadhbh Ruaidí. G. Mhicil Ghing. (is ann a friothadh caillte é). Na Gtaí. fada. Páirc na Laogh. Na Pollachaí. Na Gtaí. Páirteach. Na Gtaí. Leacracha. Crocáinín an Mhóinfhéir. G. an " Lodge." (Teach é a bhí ag na Cuimínigh, tighearnaí talúna). Na Gtaí. Buidhe. Roinn na gCloch. An G. Bán. G. an Tobair. G. Sheáin Ui Chadhain. G. na bPúiríní. (Púirín .i. cróín beag bídeach.). G. Pháraic Thaidhg. G. Bhran (?). G. an Lín. An Crocán Aoibhinn. An G. Beag Gleannach. G. uachtarach an tSruthéin. G. íochtarach an tSruthéin. Crocán na Clagarnach. G. an Sgonnsa. Na Grafaí. An Chaolóig (nó, Caolóig na gCuilm.) G. Shéamuis Bhreathnaigh. G. Mh'rucha. An G. Domhain. G. na nUbhlaí. G. na gCupaí. (cineál fataí a bhíodh fadó ann iad na " Cupaí.") G. Bheartla Mhóir. Roinn Sheáin Phóil. Sliabh mór na gCuilm. G. an tSléibhe Gleann na hAtha. Muing Mháire Ghing. G. Seáinín Sheáin. G. na hAtha Taimín. G. na hAtha Dainín. Na Leacrachaí Árda. G. Pháidin Uí Fhathartaigh. G. Mháire. G. an Bhráca. G. Dhiarmuid. G. beag na Sgeiche. An G. Driseach. Gtaí. Pheaits Páidín. G. Bhríde. G. na Muc. G. an Eilistrum. G. na Meangals. G. an Tobairín. Na Pleaineannaí. G. Nuala. G. Taim Uí Bhía. Páirc an Choinnligh. G. Mhicil Mhóir. G. na nGéabha. Bárr

This content downloaded from 136.206.79.146 on Thu, 02 Nov 2017 13:04:18 UTC
All use subject to http://about.jstor.org/terms

na Móinfhéir. Creig Mhicil. G. thiar an Chladaigh. An Móinfhéar Beag. G. an Bhacaigh. Na Clocha Breaca. G. na Raithnighe. G. Uachtarach an tSeanBhóithrín. G. Íochtarach an tSean-Bhóithrín. G. an Olltaigh.

Gtaí. atá ar an mBaile Nua, leath-bhaile, i gCor na Rón :—

Gtaí. na gClocha móra. Na Seireáin. G. an Lin. Gtaí. an Tobair. Na Páirceannai Leathna. G. na bPáistí (Cuirtí i gClaidhe na Tórann na páistí a fháigheadh bás gan bhaisteadh). Na Gtaí. Leacrach'. Gtaí Leic na Gualann. Gtaí. Ruadh. An Chuid Chorr. Na Buaiceannaí. Buaic Mhaitisín. Píosa na Móna. G. Sheáin Ui Néill. An Sliabh Mór. Na Tamhnachai. G. an Droichid. G. Seáin Eóin. Na Criathraigh Móra. G. an Ghréasaidhe. Gtaí. Mhicil Ui Mhuirighe. Léantachaí a Chlóird (?). Gtaí. Theach an Cháirr. An Mangarae. G. na nGabhair. G. an Bhóthair. An Iothlainn Árd. G. Sheáin A' Chuisteala. G. Pháraic Ruaidhe. Na Portaigh. Na Corraí.

Gtaí. atá sa Lochán Beag.

Iothlainnín Mháire Ruaidhe. An Clochar Beag. G. Thomáis a' Con Ríogh. An G. Leathan. G. an tSeanBhaile. (áit a raibh na tighthe sa tsean-reacht.). Gtaí. an t*Soup*. (áit a bhfuil 'Teach an t*Soup*). G. Mhaoilín. G. na mBearraics. G. Leicín an Damhnsa (Tá leac leathan ann, áit mbíodh damhsaí ar bun fadó.).

Ainmneachaí a bhaineas le cósta Chor na Rón, agus an Locháin Bhig. Beagnach dhá mhíle go leith atá an cósta sin.

Bun na hAbhann. Clochar. Carraig Ruaidí. Carraig Pheadair. Poll na Mióltóg. Carraig a' Róin. Stocaire. Carraig Thomáis. Na Dochtúirí. Na Leacrachaí. Corr na bhFaoilleáin. Caladh an Uisge. Cloch Mhór Chaladh an Uisge. Dúra léireabháin (?). Bun an Mhúta. Leicín na mBláthain. Tráigh bheag Bhaile Logáin. Tráigh mhór Bhaile Logáin. Na Dumnachannaí Gainimhe. Clochar an Róin. Cloch na hEasgoine. Caladh na Tórann (idir Cor na Rón agus Baile an Tighe Móir). Na Caltaí Garbh'. Béal an Bhóithrín thiar. Caladh na Cloiche Móire. Carraig na Streall. Na Clocha Garbha. Cuainín na Searrach. Caladh an Ghréasaide. Béal an Bhóthair Nua. An Tráigh Mhóir. Carraig an Éisg. Poll Mór Finton. Clochairín Mháirtín. Lochán na Leathóg. Íochtar an Locháin. Druim an Locháin. Na Leacrachaí Beaga. An Réapar. Carraig Chaitríona. Carraig an Mhatail. Cuisle an Mhatail. Poll Mór an Mhatail. Druim an Mhatail. Leacrachaí an Mhatail. An Charraig Bháidhthe. An t-Uasgán. An Molt. An t-Uan. Carraig an Róin. Na Bearrachaí. Gob na Bearraighe. Cloch na bPortán. Cloch Mháire. Cloch na Tóirnighe. An

This content downloaded from 136.206.79.146 on Thu, 02 Nov 2017 13:04:18 UTC
All use subject to http://about.jstor.org/terms

Charraig Bháidhte thoir. An Charraig Cham. Leac Fuar na gCaorach. Carraig Bhéal an Chuain.

Poll Mór na Stuifíní. Mullán Ui Dhomhnaill. Lochán na Meillsgeánach. Carraig an Tobairín. Mullán Chlansa. An Charraig Mhór. Mullán na nIasgairí. Mullán Mháire an Rí. Tráigh Bhéal an Bhóithrín. Caladh an Tuinín (?). An Chúl-Tráigh. Caladh an Phríacháin. Caladh Sheáin Seóige. An Tráigh Shalach. Clochar an Tráigh Shalach. An Caladh Mór. Béal na Tearsaighe. Corra na Stocaí. Corra na Trágha. An Branntra Mór. Cloch an Bhranntra. An Branntra Beag. Cloch Stiofáin. Leac Thaidhg. Carraig Áine.

LOCHANNAÍ.

Sgríobhaim an t-ainm " Béarla " mar atá sé ar mhapa an Ordanáis. Bailte Fearainn iad seo leanas :—An Lochán Beag (Loughanbeg), Cor na Rón (Cornarona), Glionnán (Glennaun), Clochar na gCon, (Cloughernagun), Coill Ruadh thoir (Kilroe east), Leitir Fir (Letterfir), Clochar na Lára (Cloghernalaura), Fionnán (Finnaun), Boll Uisge Íochtar (Boliska Eighter), Boll Uisge Uachtar (B. Oughter). Sa Lochán Beag :—

1. Loch Cheara (Tullaghalaher Lough). Muintir Cheara an t-aon chomhluadar amháin atá 'na gcomhnaidhe ar bhruach an locha anois.
2. Na Lochannaí Beaga, na ceithre ceanna is fuide soir de na " Seven Sisters."
3. Loch Taim, an ceann is goire do " Lough Ugga More " de na " Seven Sisters."
4. Loch Thulach a' Leathair (Loughan Beg).

I gCor na Rón :—

5. Loch Dhomhnaill Ui Ghríobhtha, ó dheas ó " Lough Ugga More."
6. Loch Chunga Mór, (L. Ugga More), ar thórainn Chor na Rón, Chlochar na gCon agus an Lochán Beag. " Cunga " atá ar an áit idir é seo agus uimh 7.
7. Loch Chunga Beag, (L. Ugga Beg), ar thórainn Chlochar na gCon, Chor na Rón agus Gl onnán.

i nGlionnán :—

8. Loch Fhada Ghlionnáin (Lough fadda).
9. Loch na Fionnóige, in aice le uimh. 8. taoibh thoir.

This content downloaded from 136.206.79.146 on Thu, 02 Nov 2017 13:04:18 UTC
All use subject to http://about.jstor.org/terms

I gClochar na gCon :—

10. Loch Chlochar na gCon (Loughnumbrackmore).
11. Loch na mBreac Mór, an ceann is goire do uimh. 10. taoibh thiar.
12. Loch na nOileán (Lough Canagun).
13. Loch Buidhe (Cloghernagun Lough).
14. Loch Bheag Mháire, nó Loichín na Bacaighe (?), atá beagán ó thuaidh ó " Lough More."
15. Loch Béal na Cúlun (?) (Loughannagun), ar thórainn Chlochar na gCon agus Chlochar na Lára.
16. Loch Chlochar a' Mhádra, ar thórainn Chlochar na gCon agus Fhionnáin go díreach as cionn " Lough Canagun."
17. Loch na hAille Móire (Lough Ergooa) ar thórainn Chlochar na gCon agus Fhionnáin.
18. Loch an Iarla no Loch Chrocán na Laogh (L. Crookaillenalee) ar thórainn Chlochar na gCon agus Fhionnáin.

I bFionnán :—

19. Loch Thulach na Sidheóg, atá taoibh thiar de " Tullynasheoy."
20. Poill Loch Thulach na Sidheóg. Dhá loichín atá taoibh thiar den loch.
21. Loch Chlochar a' Bhuláin, an ceann is goire do uimh. 19. taoibh ó thuaidh. Taoibh thiar de atá Clochar a' Bhuláin.
22. Loichín na hEasga, an ceann is goire do uimh. 21. siar' ó thuaidh.
23. Loch Sheana-Phéistín, an ceann is goire do uimh. 22. ar an taoibh ó thuaidh.
24. Loichín na dTultachaí Buidhe, ceann beag atá inaice le uimh. 23.

I Leitir Fir :—

25. Loch Mhór Mháire (Lough More).
26. Na Lochannaí Móra (Lough Bealacooan).
27. Loch na Nua-Liatháin. an ceann is mó de na ceanna beaga atá taoibh thoir de uimh. 26.
28. Loichín na Puitighe, atá in aice le uimh. 17. ar an taoibh ó thuaidh.
29. Loichín Tulaigh Mhíne, ó thuaidh de uimh. 28.
30. Loch Chlochar Éidín. Is as a theagas Abhainn a' Chruic (Owenriff).
31. Poill Thulaigh na bFód, atá ó dheas ó uimh. 33. thíos.

This content downloaded from 136.206.79.146 on Thu, 02 Nov 2017 13:04:18 UTC
All use subject to http://about.jstor.org/terms

Ar thórainn Leitir Fir agus Bholl Uisge Uacht. :—

32. Loch an Oileáin Mhóir (Loughanillaunmore). Oileán Mór Bholl Uisge' atá ar "Wood Island."
33. Loch Bhéaláin na mBreac (L. Bealanambrack).
34. Loch a' Bhéaláin. (Loughaunayella).
35. Loch na mBreac Dubh (L. Nabrough).
36. Loichín na Cránach, ceann beag atá taoibh thoir de uimh. 15.

I mBoll Uisge Íocht. :—

37. Loch na mBreac, taoibh thoir de uimh. 35.
38. Loch na Nillach, (?) (L. Naulla).
39. Loch na Tamhnaigh Íochtar (L. Natawneighter.) ar thórainn Bholl Uisge Íocht. agus Leitir Fir.

Sruthán.

Ag tagairt do liosta na loch atá na huimhreachaí :—

40. Sruthán Loch na mBreac Mór, a theigheas ó uimh. 10. isteach go uimh. 11.
41. Abhainn na mBallaí, a théigheas isteach in uimh. 10. ar an taoibh ó thuaidh.
42. Sruthán Nua, isteach ar an taoibh ó thuaidh go uimh. 6.
43. Abhainn Chorr an Oileáin, a théigheas ó uimh. 10. go uimh. 6.
44. Sruthán an Chlochair Mhóir, a ritheas aniar adtuaidh isteach sa loch atá i gCor na Rón, Loch Canabha Cluais (?)
45. Abhainn Chéimín Mhaoilín, ó uimh. 15. go uimh. 46.
46. Abhainn a' Chruic (Owenriff).
47. Abhainn a' Bhéaláin, a ritheas isteach in uimh. 32.

This content downloaded from 136.206.79.146 on Thu, 02 Nov 2017 13:04:18 UTC
All use subject to http://about.jstor.org/terms